

Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh

Plean Infheistíochta 2017



Fáilte chuig Plean Infheistíochta, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, na Comhairle Ealaíon le haghaidh 2017.

Leagtar amach sa phlean seo ár gcur chuige maidir le pleanáil agus soláthar do 2017 i gcomhthéacs ár *bPlean Trí Bliana, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh 2017–2019*. Déantar cur síos ann ar an dóigh a gcuirfidh an Chomhairle Ealaíon a hinfheistíochtaí in ord tosaíochta sa dá mhí dhéag atá amach romhainn agus an dóigh a gcuirfidh sé sin bonn eolais faoinár gcinntí agus faoinár leithdháiltí airgeadais. Is é atá beartaithe a chinntiú go bhfuil ár n-infheistíochtaí inbhuanaithe de réir lín agus scóipe, go bhfuil siad i gcomhréir le hacmhainní réamh-mheasta, agus go ndéantar iad ar bhonn critéir shoiléire agus trí phróisis thrédhearcacha.

Léireofar inár bplean infheistíochta agus inár dtuarascáil bhliantúil, a fhoilsítear ag tús agus ag deireadh an phróisis buiséadaithe, an chaoi a bhfuil ár gcinntí agus ár leithdháiltí airgeadais comhsheasmhach lenár gcuaspóirí straitéiseacha agus le mionsonraí ár bpleananna trí bliana.

Leagtar amach sa phlean infheistíochta seo an bunús le hathrú suntasach, agus is ionann é agus tús le próiseas um choigeartuithe radacacha ar phatrúin infheistíochta bunaithe, leithdháiltí buiséid agus caidrimh mhaoinithe. Cuirtear bonn eolais faoin gcur chuige seo le torthaí *Inspiring Prospects*, Athbhreithniú Straitéiseach 2014 na Comhairle Ealaíon, ina bhfuarthas go gcaithfidh an Chomhairle Ealaíon “athrú a dhéanamh ar a straitéisí agus a hiompar infheistíochta” agus “forbairtí le déanaí agus forbairtí reatha a chur san áireamh níos mó,

agus gan a bheith ag brath a oiread ar fhasach mar an mbonn le haghaidh cinntí maoinithe”.

Is í 2017 an chéad bhliain den *Phlean Trí Bliana 2017–2019*, agus mar sin, an chéad leagan de straitéis deich mbliana. Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta d’athrú a dhéanamh ar a hiompar infheistíochta thar na blianta amach romhainn. Cé go bhféadfadh sé nó nach bhféadfadh sé go dtiocfaidh athrú ar mhéideanna maoinithe i gcásanna áirithe, tiocfaidh athrú ar an mbonn ar a ndéantar maoiniú a thairiscint i bhformhór na gcásanna.

2. Tosaíochtaí straitéiseacha do 2017

Le Straitéis Deich mBliana, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* na Comhairle Ealaíon, bunaitear na comhordanáidí maidir le forbairt na n-ealaíon sna deich mbliana idir 2016–2025. Dá réir sin, déantar cur síos sa *Phlean Trí Bliana, 2017–2019* ar na straitéisí infheistíochta dá dtabharfaimid tús áite le linn 2017–2019.

I ndiaidh comhairliúcháin leis an earnáil agus le páirtithe leasmhara eile mar fhreagairt ar fhoilsiú *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, tá a príomhthosaíochtaí straitéiseacha do 2017 dearbhaithe ag an gComhairle anois faoi mar a leanas:

1. Bearnaí inar n-infheistíocht in ealaíontóirí a shainnithint, agus ár straitéisí agus ár gcritéir infheistíochta a choigeartú, agus aird ar leith a thabhairt ar ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus ealaíontóirí i lár a ngairme.
2. Cur lenár n-infheistíocht agus leibhéal dámhachtana i sparánachtaí, meantóireachtaí, agus cónaitheachtaí thar réimse suíomhanna chun deiseanna breise agus deiseanna níos fearr a chruthú d’ealaíontóirí.
3. Scéim sparánachta a fhorbairt d’ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn.
4. Líon comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le pobail nach bhfuil rochtain éasca ar na healaíona acu.
5. Clár a chur i bhfeidhm chun tacú le hearnáil na n-ealaíon le lucht éisteachta/lucht féachana agus líon na rannpháirtithe a mhéadú agus a éagsúlú ar fud réimsí ar fad na n-ealaíon.
6. Cur lenár n-infheistíocht agus tús aite a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga thar gach foirm ealaíne.
7. Ár n-infheistíocht i bhféilte beaga a mhéadú chun tacú le rannpháirtíocht níos mó sna healaíona ar fud na tíre.
8. Meabhrán Tuisceana a chomhaontú le RTÉ agus le hinstitiúidí cultúrtha eile trína gcuirfear le rannpháirtíocht an phobail sna healaíona.
9. Ár n-infheistíocht i dtacaíocht neamh-athfhillteach d’ealaíontóirí a mhéadú.
10. Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcaidrimh maoinithe reatha le hionaid i gcomhpháirt leis an Rialtas Áitiúil.
11. Feachtas poiblíochta a chur i bhfeidhm i gcomhpháirt leis an earnáil ar thionchar intreach agus sochaíoch na n-ealaíon i saol na hÉireann.
12. Cur leis an infheistíocht inár gcórais TFC agus bainistíochta faisnéise agus inár n-acmhainneacht lena chinntiú gur féidir linn ár n-infheistíochtaí a rianú agus a thuairisciú go héifeachtach agus go comhsheasmhach thar réimse beart agus catagóirí chun tacú níos fearr le luach na n-ealaíon agus le saothar ealaíontóirí.

2017

3. Cur chuige buiséadach

Is ionann deontas na Comhairle Ealaíon ón rialtas do 2017 agus **€65.1m**, arb ionann é sin agus méadú **8.3%** i gcomparáid leis an méid in 2016. Nuair a chuirtear coigiltis a tugadh anonn agus ceangaltais iarchurtha san áireamh, is ionann an buiséad atá ar fáil do 2017 agus **€66.9m**. Leis an méadú sin beidh an Chomhairle Ealaíon ábalta líon dá tosaíochtaí straitéiseacha a sheachadadh, agus feabhas a chur ar a caidreamh infheistíochta le líon eagraíochtaí agus páirtithe lárnacha ag an am céanna.

Faoi mar atá léirithe go leormhaith, b'ionann an laghdú ar an maoiniú foriomlán don Chomhairle Ealaíon idir 2008 agus 2014 agus 34%. Tá feabhas déanta le blianta beaga anuas, agus mar sin tá níos mó scóip ann don Chomhairle Ealaíon smaoineamh go straitéiseach faoina leithdháiltí infheistíochta a chur le chéile sna blianta amach romhainn.

Chun na tosaíochtaí straitéiseacha arna leagan amach i gcuid 2 thuas a léiriú, déantar buiséad na Comhairle Ealaíon do 2017 a leithdháileadh ar fud ceithre príomhréimse:

Tosaíochtaí straitéiseacha Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh	<i>An tEalaíontóir & An Pobal (The Artist & The Public)</i> Scéim na bhféilte agus na n-imeachtaí (chun feabhas a chur ar rochtain agus ar rannpháirtíocht an phobail). Ealaíontóirí aonair (sparánachtaí, tionscadail, coimisiúin, cónaitheachtaí, scéimeanna). Comhpháirtíocht na n-údarás áitiúil (maoiniú deontais ó údarás áitiúil, cuireadh chun comhoibrithe). Daoine óga, leanaí agus oideachas. Clár ina ndírítear ar an bpobal. Clár Gairmeacha Oscailte (chun tacú le hobair uailmhéine agus scála).
Caiteachas i réimse na n-ealaíon	Deontais d'eagraíochtaí ealaíon; Dámhachtain um Léiriúchán Ceoldráma; Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach; Chair of Poetry; tionscnamh foirmeacha ealaíne.
Caiteachas eile ar na healaíona	Amharclann na Mainistreach; Aosdána; Camchuartheanna; saineolas ar na Foirmeacha Ealaíne; Lucht Féachana na nEalaíon; éagsúlacht chultúrtha; tionscnaimh speisialta.
Costais sheasta	Costais tuarastal agus riaracháin.

Do 2017, bunaithe ar an deontas ón rialtas, is é seo a leanas an méid iomlán measta atá le caitheamh i ngach réimse¹:

LÉARÁID 1 – Miondealú ar chaiteachas 2017


	2017 €m	Cion	Athrú ó 2016 %
Tosaíochtaí straitéiseacha SEIT	19.0	28.4%	+15.2%
Caiteachas i réimse na n-ealaíon	29.9	44.7%	+11.4%
Caiteachas eile ar na healaíona	11.7	17.5%	-1.8%
Tuarastail agus riarachán*	6.3	9.4%	+5.9%
IOMLÁN	66.9		+9.3%

*Áirítear leis sin an méadú beartaithe infheistíochta i gcórais TFC agus bainistíochta faisnéise.

LÉARÁID 2 – Miondealú comhréireach ar chaiteachas 2017



LÉARÁID 3 – Rátaí céatadán an athraithe ar réimsí buiséadacha ó 2016 go 2017



¹ Garbhfigiúirí is ea iad na figiúirí seo agus is chun críocha léiriúcháin atá siad amháin. D'fhéadfadh na méideanna sin athrú bunaithe ar thoradh an phróisis um maoiniú deontas.